# Máire Ṁic Róibín
# Uaċtarán na hÉireann
# ċun
# H. E. Vytautas Landsbergis
# Caṫaoirleaċ Ard-Ċoṁairle
# Poblaċt na Liotuáine

A Ċara Ṁór-Ṁaiṫ:

Ós é mo ṁian an ċoṁċaradra soirb idir Éire agus Poblaċt na Liotuáine a buanú, tá mé tar éis Risteard Ó Briain a ċeapaḋ, le húdarás agus ar ċoṁairle Rialtas na hÉireann, mar Ambasadóir Urġnaċ agus Lán-ċuṁaċtaċ ó Éirinn ċun Poblaċt na Liotuáine.

Is áṫas liom a ċreidiúint go dtaitneoiḋ an roġa seo le d'Oirirceas, óir is deiṁin liom go n-éireoiḋ leis an Uasal Ó Briain, trína ḟeabas a ṡeolfaiḋ sé an cúram atá á ċur ina ċlé, meas agus muinín d'Oirircis a ṫuilleaṁ i gcónaí.

Á ċreidiúint sin dom, iarraim ar d'Oirirceas iontaoiḃ agus creidiúnas iomlán a ċur i ngaċ ní a ċuirfiḋ an tUasal Ó Briain in iúl do d'Oirirceas in ainm na hÉireann agus go háiriṫe nuair a ċuirfiḋ sé i bfios do d'Oirirceas gurb é mo ṁian dúṫraċtaċ raṫ agus séan a ḃeiṫ ar d'Oirirceas agus ar Poblaċt na Liotuáine.

Dea-Ċara d'Oirircis,

Mary Robinson

Cathal Ó hEocaiḋ

Áras an Uaċtaráin, Baile Áṫa Cliaṫ,
11 Deireaḋ Fóṁair, 1991